AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.3.2024
COM(2024) 125 final

2024/0067 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na gCaighdeán Teicniúil Nasctha a leasú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh a mhéid a bhaineann le leasú Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, leis na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus leis na Caighdeáin Theicniúla Nasctha i ndáil leis an gcinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna a glacadh le Cinneadh Uimh. 1/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh[1] agus an Caighdeán Teicniúil Nasctha a glacadh le Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh[2].

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh

Is é is aidhm don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (‘an Comhaontú’) Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) a nascadh le Córas Trádála Astaíochtaí na hEilvéise trí chead a thabhairt lamháltais a eisítear i gcóras amháin a thrádáil agus a úsáid ar mhaithe le comhlíonadh sa chóras eile, rud a mhéadóidh na deiseanna a bheidh ann maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste, a bunaíodh le hAirteagal 12 den Chomhaontú, freagrach as an gComhaontú a riar agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é. Féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh iarscríbhinní nua leis an gComhaontú a ghlacadh nó iarscríbhinní atá ann cheana a leasú. Féadfaidh sé freisin leasuithe ar Airteagail an Chomhaontaithe a phlé, malartú tuairimí maidir le reachtaíocht na bPáirtithe a éascú agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an gComhaontú.

Is comhlacht déthaobhach é an Comhchoiste a bhfuil ionadaithe na bPáirtithe air (an tAontas Eorpach agus an Eilvéis). Tiocfaidh an dá Pháirtí ar chomhaontú maidir le cinntí a dhéanfaidh an Comhchoiste agus a luaithe a ghlacfar iad, beidh siad ceangailteach ó thaobh dlí ar an dá Pháirtí.

Le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, foráiltear go bhféadfaidh an Comhchoiste a chinneadh Iarscríbhinn nua a ghlacadh nó Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú cheana a leasú. Thairis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 3(6) agus (7) den Chomhaontú, ghlac an Comhchoiste cinntí 1/2020[3] agus 2/2020[4] chun na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna (NIOCanna) agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha (CTNanna) a bhunú.

---

1 IO L 226, 25.6.2021, lch. 2
2 IO L 226, 25.6.2021, lch. 16
3 IO L 226, 25.6.2021, lch. 2
4 IO L 226, 25.6.2021, lch. 16

2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste

Le linn an seachtú cruinniú a bheidh ag an gComhchoiste, a reáchtálfar in 2024, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[5], tá an Comhchoiste le Cinneadh a ghlacadh maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha ('an gníomh atá beartaithe'). Ghlac an Comhchoiste na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha lena gCinntí Uimh. 1/2020[6] agus 2/2020[7] faoi seach.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe Iarscríbhinn II ('Caighdeáin Theicniúla Nasctha') a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta chun forbairtí a chomhaontaigh an Comhchoiste i gcomhréir le Cinneadh 2/2019 ón gComhchoiste[8] a léiriú, rud is gá chun nasc buan clárlainne a chur in ionad an réitigh shealadaigh chun an nasc idir CTA AE agus CTA na hEilvéise a oibríochtú a luaithe is féidir. Thairis sin, ba cheart éabhlóid na dteicneolaíochtaí ábhartha a chur san áireamh freisin, agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú á leasú.

Chun a áirithiú go mbeidh na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha ag teacht le hIarscríbhinn II agus comhoiriúnach di, ba cheart na doiciméid sin a ailíniú dá réir sin.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, lena bhforáiltear: 'Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh Iarscríbhinn nua a ghlacadh nó Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo cheana a leasú'. Thairis sin agus i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Chomhaontú, beidh na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, ar theacht i bhfeidhm dóibh, ceangailteach ar na Páirtithe.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar an togra seo ón gCoimisiún, cinntear seasamh an Aontais Eorpaigh maidir leis an gCinneadh ón gComhchoiste atá le glacadh i ndáil le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na gCaighdeán Teicniúil Nasctha a leasú.

Ba cheart go léireodh seasamh an Aontais Eorpaigh an éabhlóid atá tagtha ar an nasc clárlainne idir CTA AE agus CTA na hEilvéise atá á fhorbairt ina nasc buan clárlainne a chuirfear chun feidhme tráth nach déanaí ná 2024. Cumasófar leis feidhmiú na margaí nasctha i ndáil le tairbhí a eascraíonn as leachtacht an mhargaidh agus as idirbhearta a fhorghníomhú idir an dá chóras nasctha ar bhealach atá coibhéiseach le margadh amháin ina bhfuil dhá chóras agus lenar féidir le rannpháirtithe sa mhargadh gníomhú amhail agus dá mbeidís in aon mhargadh amháin, faoi réir fhorálacha rialála aonair na bPáirtithe amháin.

Ina theannta sin, le seasamh an Aontais Eorpaigh, ba cheart go ndéanfaí forálacha Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chuíchóiriú i bhfianaise na bhforbairtí thuas agus na

---

5 Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20191201_jc_dec_rop_en.pdf agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018, IO L 239, 24.9.2018, lch. 8.

6 IO L 226, 25.6.2021, lch. 2

7 IO L 226, 25.6.2021, lch. 16

8 IO L 314, 29.9.2020, lch. 68

Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha a ailíniú chun éabhlóid an naisc clárlainne a léiriú.

Is sprioc beartais fadtéarmach de chuid an Aontais Eorpaigh agus an phobail idirnáisiúnta margadh idirnáisiúnta carbóin dea-fheidhmiúil a fhorbairt trí chórais trádála astaíochtaí a nascadh ón mbun aníos, go háirithe mar bhealach chun cuspóirí aeráide Chomhaontú Pháras a bhaint amach. I dtaca leis sin, ceadaítear le hAirteagal 25 den Treoir lena mbunaítear Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE) CTA AE a nascadh le córais trádála astaíochtaí eile ar choinníoll go mbeidh siad éigeantach, go mbeidh dearbhtheorainn acu ar astaíochtaí agus go mbeidh siad comhoiriúnach, faoi mar atá siad le córas na hEilvéise. Tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe an 1 Eanáir 2020, is céim thábhachtach é athbhunú na comhoiriúnachta agus na comhsheasmhachta i dtreo chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Áirítear ar na ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh ‘tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’[9].

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh.

Is é atá sa ghníomh atáthar ag iarraidh ar an gComhchoiste a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más

[9] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhshaol.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é Airteagal 192(1) CFAE ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasóidh gníomh an Chomhchoiste Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa nascadh, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2024/0067 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na gCaighdeán Teicniúil Nasctha a leasú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh[10] (‘an Comhaontú’) an 23 Samhain 2017 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle[11].

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích le Cinneadh 2018/219 ón gComhairle[12] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(3) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm na gcinntí sin.

(4) Foráiltear le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(5) Foráiltear le hAirteagail 3(6) agus (7) gur cheart éifeacht a bheith ag na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha nuair a ghlactar iad le cinneadh ón gComhchoiste. Le Cinneadh Uimh. 1/2020[13] agus Uimh. 2/2020[14], ghlac an Comhchoiste na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha.

(6) Is iomchuí Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a leasú chun éabhlóid an naisc clárlainne idir Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais agus Córas Trádála Astaíochtaí na hEilvéise a léiriú agus chun forálacha Iarscríbhinn II a chuíchóiriú i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta. Chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht ann

10 IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

11 Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle an 10 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 322, 7.12.2017, lch. 1).

12 IO L 43, 16.2.2018, lch. 1.

13 IO L 226, 25.6.2021, lch. 2

14 IO L 226, 25.6.2021, lch. 16

idir na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha agus Iarscríbhinn II, ba cheart na doiciméid sin a leasú freisin.

(7) Le linn an seachtú cruinniú a bheidh ag an gComhchoiste, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[15], tá sé le Cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an seachtú cruinniú den Chomhchoiste nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, beidh an seasamh sin bunaithe ar Dhréacht-Chinneadh an Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[15] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta (IO L 239, 24.9.2018, lch. 8).